Gaelcholáiste Phort Láirge

Cúirt an Easpaig
Baile Gunnair
Port Láirge
X91 P984

RÁITEAS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA GHAELCHOLÁISTE PHORT LÁIRGE

De réir an Achta um Shábháilteacht Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, is é polasaí an Bhoird Bainistíochta a chinntiú, sa mhéad go bhfuil sé indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair foirne go léir agus daltaí, cuairteoirí, conraitheoirí agus pearsana eile a chosaint ag an scoil ó ghortú nó easláinte a éiríonn as aon ghníomhaíocht oibre.

Éilíonn cur i bhfeidhm rathúil an Pholasaí Sláinte & Sábháilteachta tacaíocht iomlán agus comhoibriú gníomhach na foirne go léir, conraitheoirí agus daltaí na scoile san áireamh.

Tá sé aitheanta gur riachtanais dlí iad sainaithint ghuaiseacha, measúnú riosca agus bearta rialúcháin nach mór leis an bhfostóir a dhéanamh chun sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair foirne go léir a chinntiú.

Tógann an Bord Bainistíochta orthu féin mar fhostóirí, sa mhéad go bhfuil sé indéanta le réasún:

a. caighdeáin sábháilteachta, sláinte agus leasa a chomhlíonann le forálacha agus riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus reachtaíocht ábhartha eile, caighdeáin agus cóid chleachtais a chur chun cinn;

b. eolas, oiliúint, teagasc agus maoirsiú nuair is gá a chur ar fáil, chun a chur ar cumas foirne a gcuid oibre a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtach.

c. suim leanúnach agus sheasmhach a chothú i gcúrsaí sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le gníomhartha na scoile;

d. feabhas leanúnach a chur leis an gcóras atá ina ionad chun sábháilteacht agus sláinte cheirde a bhainistiú agus athbhreithniú a dhéanamh air go tréimhsiúil chun a chinntiú go leanann sé ar aghaidh le bheith ábhartha, cuí agus éifeachtach;

e. dul i gcomhairle le foireann ar chúrsaí bainteach le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair;

f. na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas, iad go léir a bhfuil dualgas cúraim aici orthu a chinntiú, lena n-áirítear foireann, daltaí, conraitheoirí agus cuairteoirí.

Tá an Bord Bainistíochta tiomanta ról gníomhach a imirt i gcur i bhfeidhm an pholasaí sábháilteachta agus sláinte cheirde seo agus athbhreithniú agus leasú a dhéanamh air de réir athruithe sa reachtaíocht, taithí agus forbairtí ábhartha eile.

Faofa ag Cruinniú den Bhord Bainistíochta : 28/11/2022